Cuntas Leithreasa 2012

# Vóta 25

# Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 25, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus speansais eile maidir le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2012, as leithreasaí gan chaitheamh a bhain le 2011, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**An Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla***

Tugtar tuairisc ar Cheangaltais Chaipitil atá Infhorghníomhaithe le Dlí ag tairseach €12.697 milliún (F7/9/92).

***Sócmhainní Caipitil***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré mheasta fhónta, ag tosú sa mhí sin ar cuireadh an tsócmhainn i bhfeidhm. Déantar foirgnimh a dhímheas ag 5% per annum ach ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar mótarfheithiclí a dhímheas ag 20% in aghaidh na bliana thar 5 bliana, déantar gléasra agus innealra a dhímheas thar 10 mbliana ag 10% in aghaidh na bliana agus bíonn dímheas an trealaimh radair thar thréimhse 15 bliana.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Geraldine Tallon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

28 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Tuairisciú ar nithe a eascraíonn as iniúchadh***

Tagraíonn Caibidlí 6, 10 agus 11 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 do cheisteanna áirithe a bhaineann leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Pléann Caibidil 4 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 le bainistiú caiteachais vótáilte ag roinnt rann agus oifigí. Tá mar chuid de sin alt a bhaineann le bainistiú Vóta 25, Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

8 Meán Fómhair 2013

# Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
# Cuntas Leithreasa 2012

| | | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | | |
| A | Tithíocht | | | 691,181 | 682,566 | 753,775 |
| B | Seirbhísí uisce | | | 380,195 | 316,368 | 436,855 |
| C | An comhshaol agus bainistíocht dramhaíola | | | 32,243 | 34,477 | 47,617 |
| D | Rialtas Áitiúil | | | 32,128 | 31,557 | 210,704 |
| E | Forbairt phobail agus tuaithe | | | | | |
| | | *Bunúil* | 159,065 | | | |
| | | *Tabhairt suas a iarchur* | 34,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,053 | 201,118 | 153,076 | 107,752 |
| F | Pleanáil | | | 15,744 | 18,293 | 20,790 |
| G | Met Éireann | | | 17,505 | 16,089 | 19,249 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunúil* | 1,328,061 | | | |
| | | *Tabhairt suas a iarchur* | 34,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,053 | | | |
| | | | | **1,370,114** | **1,252,426** | **1,596,742** |
| | *Asbhain* | | | | | |
| H | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | | |
| | | *Bunúil* | 54,438 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,052 | | | |
| | | | | **62,490** | **70,658** | **47,917** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunúil* | 1,273,623 | | | |
| | | *Tabhairt suas a iarchur* | 34,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | | **1,307,624** | **1,181,768** | **1,548,825** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas don bhliain | 125,855,686 | 60,646,675 |
| Tabhairt suas a iarchur | 43,000,000 | 34,000,000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 82,855,686 | 26,646,675 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 49,360 | 49,474 | 51,073 |
| ii | Taisteal agus cothú | 2,529 | 1,708 | 1,275 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,981 | 1,089 | 974 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,586 | 1,137 | 1,176 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 7,748 | 7,748 | 6,845 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 1,580 | 724 | 732 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 215 | 160 | 99 |
| viii | Uachtaránacht an AE [1] | 632 | 352 | — |
| | | 65,631 | 62,392 | 62,174 |

[1] Baineann an soláthar agus toradh meastacháin le costais phá.

# Nótaí i leith an Chuntais Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 1,190,034 | 1,534,568 |
| Pá | | 49,826 | 51,073 |
| Caiteachas eile | | 12,566 | 11,101 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,252,426** | **1,596,742** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **70,658** | **47,917** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,181,768** | **1,548,825** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (1,719) | | |
| Dímheas | 1,511 | | |
| Diúscairtí airgid | 69 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 24,439 | | |
| | | 24,300 | 2,852 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (7) | (17) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 9,767 | | |
| Laghdú ar stoc | 129 | | |
| | | 9,896 | 3,333 |
| **Caiteachas Díreach** | | **1,215,957** | **1,554,993** |
| **Caiteachas a Caitheadh ar Rudaí Eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 18,422 | 22,025 |
| Cíosanna barúlacha | | 2,651 | 2,565 |
| **Costas glan cláir** | | **1,237,030** | **1,579,583** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 25 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 16,978 | 16,430 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,231 | 5,198 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | — | 62 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | 213 | 335 |
| | 18,422 | 22,025 |

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.3 | 4,366 | 28,851 |
| **Sócmhainní caipitiúla atá á bhforbairt** | 2.4 | — | 35 |
| | | **4,366** | **28,886** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.5 | 45,871 | 37,030 |
| Stoic | 2.6 | 312 | 441 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,055 | 2,413 |
| Ioncam fabhraithe | | 5,659 | 5,905 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.7 | 1,552 | 976 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **56,449** | **46,765** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 13,809 | 2,748 |
| Ioncam iarchurtha | | 78 | 1,058 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.8 | 3,336 | 3,684 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 44,087 | 34,322 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **61,310** | **41,812** |
| **(Glandliteanais)/glansócmhainní reatha** | | (4,861) | 4,953 |
| **(Glandliteanais)/glansócmhainní** | | **(495)** | **33,839** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **(495)** | **33,839** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 33,839 | 75,054 |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 1,200,190 | 1,570,850 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | 2,651 | 2,565 |
| Coigeartuithe | | (145) | 2,239 |
| Aistrithe | | — | (37,286) |
| Costas glan cláir | 1 | (1,237,030) | (1,579,583) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **(495)** | **33,839** |

| **2.2 Maoiniú tarraingthe síos** | **Nóta** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 1,307,624 | 1,609,472 |
| Tabhairt suas a iarchur | Cuntas | (43,000) | (34,000) |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (82,856) | (26,647) |
| | | 1,181,768 | 1,548,825 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | 18,422 | 22,025 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **1,200,190** | **1,570,850** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitiúla

| | **Talamh agus foirgnimh** | **Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí** | **Trealamh oifige agus IT** | **Troscán agus feistis** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2012 | 60 | 206 | 74,536 | 3,348 | 78,150 |
| Coigeartuithe[1] | — | — | (10,808) | (2) | (10,810) |
| Breiseanna | 365 | 55 | 1,193 | 104 | 1,717 |
| Diúscairtí[2] | — | — | (42,074) | — | (42,074) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2012 | 425 | 261 | 22,847 | 3,450 | 26,983 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012 | 22 | 153 | 46,358 | 2,766 | 49,299 |
| Coigeartuithe[1] | — | — | (10,628) | 2 | (10,626) |
| Dímheas don bhliain | 1 | 15 | 1,355 | 140 | 1,511 |
| Dímheas ar dhiúscairtí[2] | — | — | (17,567) | — | (17,567) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2012 | 23 | 168 | 19,518 | 2,908 | 22,617 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012[3]** | 402 | 93 | 3,329 | 542 | 4,366 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011** | 38 | 53 | 28,178 | 582 | 28,851 |

[1] Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chlár na sócmhainní, theastaigh coigeartuithe suntasacha le diúscairt stairiúil fhisiciúil na sócmhainní lándímheasta a léiriú nach raibh a bpróiseáil déanta ar chlár na sócmhainní. Cuirtear san áireamh ann freisin mionchoigeartuithe le hathaicmiú dhá chonradh bhliantúla tacaíochta bogearraí a léiriú, agus athbhunú sócmhainní a taifeadadh roimhe seo mar shócmhainní a aistríodh chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i 2011.

[2] I Mí Mheithimh 2012, síníodh conradh do bhaint agus do dhiúscairt an trealaimh vótála leictreonaí, le luach de réir na leabhar de €24.51 milliún, agus fuarthas íocaíocht de €69,403 ón bhforthairgeoir rafar. Léirítear na hidirbhearta seo sa Ráiteas Costais Oibriúcháin.

[3] Cuireann an Rannóg roinnt seirbhísí cóiríochta agus TEC ar fáil do Rannán Oidhreachta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Taifeadtar na sócmhainní caipitil a úsáidtear i soláthar na seirbhísí seo ar Chlár Sócmhainní na Roinne seo. Tá pléite ag dul ar aghaidh idir an dá Roinn faoi conas is fearr na seirbhísí seo a bhainistiú amach anseo.

### 2.4 Sócmhainní Caipitiúla atá á bhForbairt

| amhail an 31 Nollaig | 2012<br>€000 |
|---|---|
| Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2012 | 35 |
| Coigeartuithe[1] | 39 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | 7 |
| Aistrithe chuig an gclár sócmhainní | (81) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012 | — |

[1] Tar éis athbhreithnithe ar shócmhainní caipitil i mbun forbartha d'eascair an coigeartú seo le trealamh meitéareolaíoch a léiriú ar chóir é a bheith curtha san áireamh i sócmhainní caipitil 2011 a bhí i mbun forbartha.

### 2.5 Banc agus Airgead

| amhail an 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna PMG agus airgead | 45,872 | 37,049 |
| Orduithe gan íoc | (1) | (19) |
| | 45,871 | 37,030 |

### 2.6 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Ábhair inchaite mheitéareolaíochta | 197 | 323 |
| Stáiseanóireacht | 40 | 58 |
| Ábhar inchaite IT | 60 | 52 |
| Ábhair ghlantacháin | 3 | 1 |
| Eile | 12 | 7 |
| | 312 | 441 |

### 2.7 Iarmhéideanna Eile Dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Costais tuarastail in-fhorchúitithe | 144 | 146 |
| Scéim pas taistil in-fhorchúitithe | 130 | 120 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 82 | 42 |
| Óinchistí | 17 | 8 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 1,179 | 660 |
| | 1,552 | 976 |

| **2.8 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 862 | 940 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 267 | 278 |
| Cáin Bhreisluacha | 231 | 329 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 217 | 282 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 34 | 224 |
| | 1,611 | 2,053 |
| Míreanna eile creidmheasa fionraí | 1,725 | 1,631 |
| | 3,336 | 3,684 |

| **2.9 Glandliteanas don Státchiste** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 82,856 | 26,647 |
| Tabhairt suas a iarchur | 43,000 | 34,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (81,769) | (26,325) |
| Glandliteanas don Státchiste | 44,087 | 34,322 |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 45,871 | 37,030 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,552 | 976 |
| | 47,423 | 38,006 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,611) | (2,053) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (1,725) | (1,631) |
| | (3,336) | (3,684) |
| | 44,087 | 34,322 |

| **2.10 Dliteanais Aibithe** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh amhail an 31 Nollaig | 12 | 1 |

## 2.11 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | | |
| (i) | Fotheidil soláthair | 108 | 118 |
| (ii) | Fotheidil deontais | 1,055,299 | 1,170,040 |
| | | 1,055,407 | 1,170,158 |

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

(Tionscadail lena mbaineann costas €12,697,380 nó níos mó)

| **1 Tionscadail Uisce/Séarachais**<br>**Tionscadal** | **Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2011**<br>**€000** | **Caiteachas in 2012**<br>**€000** | **Blianta ina dhiaidh sin**<br>**€000** | **Costas iomlán**<br>**€000** |
|---|---|---|---|---|
| Scéim Soláthair Uisce an Inbhir Mhóir[1] | 7,780 | 423 | 11,546 | 19,749 |
| Scéim Séarachais Chill Dhéagláin/Ráth Tó/Chill Bhríde | 12,349 | 424 | 2,689 | 15,462 |
| Uasghrádú Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Brigín/ na Sceirí | 26,512 | 942 | — | 27,454 |
| Scéim Séarachais Bhéal an Átha | 17,980 | — | 748 | 18,728 |
| Scéim Soláthair Uisce Bhaile Chúlainn (3 ghné le chéile)[1] | 63,677 | — | 548 | 64,225 |
| Ionad Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir Céim 3[1] | 75,421 | 12,632 | — | 88,053 |
| Scéim Soláthair Uisce Bhéal Átha Seanaidh[1] | 2,701 | 158 | 11,148 | 14,007 |
| Scéim Astarraingthe na Bearú[1] | 14,341 | 18,282 | 280 | 32,903 |
| Scéim Soláthair Uisce an Bhóthair Bhuí[1] | 33,466 | 4,736 | 1,058 | 39,260 |
| Scéim Séarachais Bhré agus Sheangánaigh | 68,552 | 136 | — | 68,688 |
| Draenáil Uisce Dromchla Bhaile Cheatharlach (Príomhscéim)[1] | 12,325 | 5,552 | 1,914 | 19,791 |
| Scéim Séarachais Chora Droma Rúisc | 12,380 | 300 | 364 | 13,044 |
| Scéim Séarachas Cheantair Máguaird Chaisleáin an Bharraigh (gan réamhscéim ná sruth éalaithe san áireamh) | 41,330 | — | 843 | 42,173 |
| Scéim Séarachais Chaisleán Uí Chonaill | 15,438 | — | 398 | 15,836 |

| 1 Tionscadail Uisce/Séarachais<br><br>Tionscadal | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2011<br>€000 | Caiteachas in 2012<br>€000 | Blianta ina dhiaidh sin<br>€000 | Costas iomlán<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Séarachas Bhaile na Cúirte Séipéal na hAbhann | 20,424 | — | 224 | 20,648 |
| Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhá Dhún na nGall – Grúpa A (Conradh DBO) | 26,143 | — | 1,841 | 27,984 |
| Séarachas Chuan Bhaile Átha Cliath[1] | 446,103 | 3,489 | — | 449,592 |
| Tionscadal Athshlánaithe Príomhlíonra Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath - Tráinse 1 [1,3] | 31,776 | 489 | 440 | 32,705 |
| Tionscadal Athshlánaithe Príomhlíonra Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath - Tráinse 2[1] | 15,826 | 6,040 | 2,432 | 24,298 |
| Tionscadal Athshlánaithe Príomhlíonra Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath - Tráinse 3 | — | 3,127 | 12,677 | 15,804 |
| Séarachas Dhún Garbhán[1] | 31,260 | 155 | 2,920 | 34,335 |
| Scéim Soláthair Uisce Dhún Seachlainn | 13,244 | — | 330 | 13,574 |
| Scéim Soláthair Uisce Iarthar Phort Láirge Céim 2 Cuid 2[1] | 16,132 | 521 | 244 | 16,897 |
| Ceithre Scéim Soláthair Réigiúnacha Uisce Ros Comáin | 10,821 | 101 | 29,277 | 40,199 |
| Beart DBO na Gaillimhe, Uimh. 2[1] | 16,042 | 564 | 1,500 | 18,106 |
| Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Ghuaire[1] | 13,605 | 2,110 | 4,360 | 20,075 |
| Ionad Cóireála Sloda Chill Dara[1] | 16,080 | — | 1,063 | 17,143 |
| Straitéis Soláthair Uisce Chill Dara, Céim 1 – Príomh-thrunclíonra uisce[1] | 14,831 | 4,970 | 242 | 20,043 |
| Scéim Séarachais na gCeall Beag | 18,399 | 506 | 1,084 | 19,989 |
| Scéim Séarachais Chionn tSáile[1] | 19,372 | 1,646 | 2,483 | 23,501 |
| Scéim Séarachais Bhailte agus Shráidbhailte Liatroma (11 sráidbhaile)[1] | 17,347 | 629 | 367 | 18,343 |
| Síneadh Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin | 11,921 | 16,511 | 5,014 | 33,446 |

| 1 Tionscadail Uisce/Séarachais<br>Tionscadal | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2011<br>€000 | Caiteachas in 2012<br>€000 | Blianta ina dhiaidh sin<br>€000 | Costas iomlán<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Scéim Séarachais Leitir Ceanainn[1] | 28,983 | 7,992 | — | 36,975 |
| Príomhdhraenáil Luimnigh (Céimeanna 1, 2 agus 3) – bailiúchán agus cóireáil [1,3] | 333,919 | 4,084 | 1,031 | 339,034 |
| Gréasán Uisce Luimnigh (an Príomhlíonra Theas – Cathair agus Contae) | 13,219 | — | 248 | 13,467 |
| Soláthar Uisce Réigiúnach Loch Measca (Cnoc Mhuire/Béal Átha hAmhnais) | 30,421 | — | 650 | 31,071 |
| Scéim Séarachais Ghleann na Life Íochtarach (ionad cóireála agus córas bailiúcháin do Chill Choca, Teach Srafáin, Cill Droichid, Maigh Nuad agus Léim an Bhradáin) | 13,961 | — | 3,774 | 17,735 |
| Scéim Séarachais do Bhailte agus do Shráidbhailte Grúpáilte na Mí[1] | 50,535 | 2,520 | — | 53,055 |
| Scéim Séarachais Mhainistir na Corann | 26,220 | 77 | — | 26,297 |
| Soláthar Uisce na hUaimhe-na Mí Láir[1] | 24,139 | — | 1,191 | 25,330 |
| Scéim Séarachais na hUaimhe | 32,766 | — | 491 | 33,257 |
| Scéim Séarachais Ros Mhic Thriúin[1] | 14,218 | 272 | 1,982 | 16,472 |
| Scéim Soláthair Uisce an Imill Thuaidh | 28,130 | 467 | — | 28,597 |
| Príomhdhraenáil Phort Laoise[1] | 47,708 | 991 | — | 48,699 |
| Ionad Cóireála Uisce Phort Reachrann, Dhomhnach Bat, an Rois agus Lusca[1] | 32,552 | — | 841 | 33,393 |
| SS Bhailte agus Shráidbhailte Ros Comáin (17 Sráidbhaile) Cuireadh tús le hobair ar cheithre cinn – an Chríoch, Uachtar Thíre, Tuilsce & Lios an Choill[1] | 17,421 | 1,106 | 2,945 | 21,472 |
| Scéim Soláthair Uisce Ardleibhéal Áth an Ghainimh[1] | 15,109 | — | 593 | 15,702 |
| Ionad Cóireála Fuíolluisce Shligigh (Conradh DBO)[1] | 19,130 | 224 | 136 | 19,490 |
| DBO agus Ionaid Ghrúpáilte Chóireála Fuíolluisce Thiobraid Árann[1] | 16,809 | 1,605 | — | 18,414 |

| 1 Tionscadail Uisce/Séarachais<br>Tionscadal | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2011<br>€000 | Caiteachas in 2012<br>€000 | Blianta ina dhiaidh sin<br>€000 | Costas iomlán<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| Scéim Soláthair Réigiúnaigh Uisce Thuama Céim [3] | 16,815 | — | 520 | 17,335 |
| Scéim Soláthair Réigiúnaigh Uisce Thuama Síneadh go hÁth Cinn[1] | 14,989 | — | 2,173 | 17,162 |
| Scéim Uisce agus Séarachais Thuama, Conradh Líonra[1] | 20,696 | 407 | 431 | 21,534 |
| Scéim Séarachais Thulach Mhór, Conradh DBO[1,3] | 18,368 | 44 | — | 18,412 |
| Scéim Séarachais do Bhailte agus do Shráidbhailte Grúpáilte Phort Láirge (Aird Mhór, Tulach an Iarainn, an tSráidbhaile, Ceapach Choinn, Dún Mór, Coill Mhic Thomáisín agus an Baile Dubh/Cill Mhíodáin)[1] | 12,124 | 2,264 | 29,591 | 43,979 |
| Scéim Séarachais Phort Láirge, Céim 2[1] | 53,490 | 3,354 | 71 | 56,915 |
| Séarachas Chathair na Mart (gan an rannóg dhul chun cinn san áireamh) | 49,925 | — | 662 | 50,587 |
| Scéim Séarachais Chill Mhantáin (Lintéar Phlás Wentworth)[1] | 23,748 | 1,598 | — | 25,346 |
| Scéim Soláthair Uisce Bhaile Chill Mhantáin | 10,235 | 776 | 1,965 | 12,976 |
| Iomlán | 2,109,208 | 112,224 | 147,329 | 2,368,761 |

| 2 Tionscadail Tithíochta | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2011 | Caiteachas in 2012 | Blianta ina dhiaidh sin | Costas Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail Tógála** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Baile Gadaí, Céim E, Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath | 16,340 | 720 | — | 17,060 |
| Carraig Phiarais Uachtarach, Céim 3, Cathair Phort Láirge[1] | 18,592 | 1,084 | — | 19,676 |
| Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B1, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 15,857 | 362 | 180 | 16,399 |
| Cnoc an Ghúlaigh, Mala, Co. Chorcaí[1] | 22,146 | 620 | 287 | 23,053 |
| Sráid an Phiarsaigh, an Naigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 13,799 | — | 160 | 13,959 |
| Páirc na bhFianna, Baile Mhistéil, Corcaigh[1] | 15,784 | 210 | 918 | 16,912 |
| Iomlán | 102,518 | 2,996 | 1,545 | 107,059 |

| **Tionscadail Lándéanta** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|---|---|
